GAELSCOIL AN BHRADÁIN FEASA
BÓTHAR AN MHUILINN, DROICHEAD ÁTHA
20258E

Plean feabhsúcháin scoile

Tréimhse mheastóireachta**:** *2014 - 2017*

Dáta eisiúna an phlean: *Meitheamh 2014*

Plean feabhsúcháin scoile achomair

1. Réamhrá

1.1 Fócas na meastóireachta

Cuid d'obair leanúnach Gaelscoil an Bhradáin Feasa is ea féinmheastóireacht scoile i dtaca leis an bhfoghlaim agus leis an teagasc. Sonraíodh é sin, i bpáirt, a bhí mar mholadh san MSU agus trí shúil a choinneáil ar thorthaí don litearthacht Ghaeilge agus Béarla agus don uimhearthacht (torthaí trialacha caighdeánaithe). Le haghaidh tuilleadh eolais ar an gcaoi inar tharla an mheastóireacht, féach ár dTuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile atá ar fáil ar an suíomh gréasáin

Leagann an plean feabhsúcháin scoile amach na gníomhartha a dhéanfaimid sa scoil sna trí bliana seo romhainn in Matamaitice. Is é príomhaidhm na ngníomhartha seo ná chun feabhas a chur ar fhoghlaim ár ndaltaí.

2. Achoimre ar thorthaí na féinmheastóireachta scoile

2.1 Tá **láidreachtaí** ag ár scoil sna réimsí seo a leanas:

Láidreachtaí

- Tá leibhéil ghnóthachtála san uimhearthacht níos airde ná na noirm.
- Léiríonn na páistí dearcthaí dearfacha i leith na Matamaitice i dtaobh taitnimh de
- Léiríonn formhór na bpáistí féin-mheas ard i leith na Matamaitice
- Tá go leor áiseanna i dtaobh ábhar coincréiteacha Mata ar fáil sa scoil
- Tá áiseanna ICT iontacha sa scoil chun an módh múinte seo a úsáid go héifeactach (cláracha cliste i ngach seomra, taibléid agus 4 ríomhaire dona páistí i ngach seomra.)
- Tá go leor tacaíocht inranga ar siúl chun cabhrú leis na páistí le deacracht
- Cuireann na múinteoirí béim ar an bproiséas chomh maith leis an bhfreagra (eg na slite difriúla gur féidir an cheist céanna a réiteach)

Tá sé seo ar eolas againn toisc go ndearnamar comhairliúchán le daltaí, tuismitheoirí, múinteoirí agus gur scrúdaíomar torthaí trialacha sa scoil.

2.2 Tá sé beartaithe ag ár scoil tús áite a thabhairt do na **réimsí forbartha** seo a leanas**:**

Réimsí forbartha

- Ní mór cur chuige uilescoile sainiúil i dtaobh an fhadhb-réiteach de a fhorbairt
- Ní mór forbairt a dhéanamh ar slite eile seachas eolas an mhúinteora chun teacht timpeall ar deacracht (eg balla na stráitéis/ roth siombal)
- Ní mór forbairt a dhéanamh ar obair bheirte agus obair ghrúpa mar mhódh múinte
- Ní mór eolas a chur ar fáil do thuistí maidir le cur chuige na scoile i dtaobh múineadh na hoibríochtaí de
- Ní mór eolas a chur ar fáil do thuistí maidir le cur chuige na scoile i dtaobh suíomhanna Mata/ Mata sóisialta de
- Ní mór béim a leagadh ar an gceangailt idir an Mata sa scoil agus an fíorshaol

Tá sé beartaithe againn tús áite a thabhairt do na réimsí seo toisc go gcabhraóidh sé le foghlaim na scoile go ginearálta agus go sainiúil le scileanna fadbh-réiteach

2.3 Tá na **spriocanna feabhsúcháin** seo a leanas leagtha amach a bhaineann le gnóthachtáil na ndaltaí agus tá na **gníomhartha** seo a leanas aitheanta a chuideoidh leis na spriocanna sin a bhaint amach sna trí bliana atá romhainn.

Sprioc d'fheabhsúchán	**Gníomh**
• Go dtiocfaidh ardú ar an méanscór i dtaobh fadhb-réiteach i sampla srúdaithe Sigma-T chuile bhliain	1. Cur chuige uile scoile don fhadhb réiteach (FR) a chur le chéile – Léigh, Líne, Tarraing, Meas, Seiceáil (LLTMS) agus é a chur in oiriúint dona léibhéil difriúla 2. Leabhrán an mhúinteora a chur le chéile • Foclóir do gach snáith 'colour coded' • Cupla suíomh le heolas ar ardchaighdeán maidir le FR • Leagadh amach múineadh na hoibríochtaí –áisiúl don mhúinteoir lámh a leagadh air go heasca 3. Áiseanna coincréiteacha a usáid ar FUD na scoile 4. Múnlú an mhúinteora ag úsáid an cur chuige LLTMS 5. Piar theagaisc - mar scéim píolóta i gceacht Mata tacaíocht inranga 6. Ath-ghuthú a usáid mar mhódh múineadh 7. Stáisiúin – bileog do spriocanna an tseisiúin le breacadh síos air 8. Tuistí –cur eolas faoina rudaí a leanas sa nasc "Tuismitheoirí" ar an suíomh scoile; • Mata Sóisialta • Briseadh síos ar na céimeanna sna hoibríochtaí difriúla • Suíomhanna molta don Mhata – eolas do thuistí agus cluichí gur féidir le páistí imirt sa bhaile 9. An blag a úsáid chun obair phraicticiúil na bpáistí a thaispeáint 10. Gach seomra • Roth siombail le foclóir air • Clár Mata leis na céimeanna i réiteach focail • Balla na stráitéis – cur leis de réir mar a thagann páisti suas le stráitéis nua chun fadhb a réiteach Filteán SALF a úsáid chun foghlaim sa Mhata a léiriú 11. Réidh, Socair, Déan: Pacáistí le n-ulllmhú (Naí Bh, Nai Mh) 12. Lámhleabhair nua ón PDST a usáid i bpleanáil aonair an mhúinteora – aischothú ag cruinnithe foirne faoina gnéithe atá usáidte – an chur chuige atá molta – praic – pic – teibí – a leanúint sna ceachtanna – Teanga agus re-voicing – múinteoir agus páistí eile á dhéanamh 13. Mathletics – an scoil ag sórtáil pasanna dona páisti a lorgaíonn é 14. Seachtain Mata a. díriú ar Mata Meabhrach – comórtas ar nós Litriútón. b. Dírigh ar usáid an Mata san fhíorshoal 15. Mathletics – an scoil ag ceannach pasanna dona páisti TF le deacrachtaí 16. 40 nóim "Am Fadhb-Réiteach" gach seachtain trí an scéim piar-theagaisc a leathnú amach go gach rang ó R2 suas 17. Uimhir an lae – 5 nóim teimh suas ag tús gach ceacht Mata 18. Scileanna HOT a fhorbairt– mínigh do mhódh, pléigh do

cinntí

19. Botúin na bpáistí a úsáid mar mhodh múinteoireachta.
20. Tuistí ag teacht isteach mar chuid de Sheachtain Mata (a úsáideann Mata ina bpost mar shampla)
21. Páistí le hard-chumas: iad a chlárú do chomórtas
22. Dírigh ar an saghas Obair Bhaile a thugtar

Mar thuismitheoir, is féidir leat cuidiú linn trí

- breathnú ar an eolas atá curtha suas ar an suíomh greasáin faoi “Tuismitheoirí”

2.4 Beidh a fhios againn go bhfuil ár spriocanna sroichte againn nuair a dhéanann muid scagadh ar na torthaí Sigma-T ag deireadh gach bliain.